**COMHAIRLE CHONTAE MHAIGH EO**
**MAYO COUNTY COUNCIL**

---

**DEONTAIS AN ACHTA EALAÍON**
**AN tACHT EALAÍON 2003**

## TREOIRLÍNTE LE HAGHAIDH CUIDIÚ FAOIN ACHT EALAÍON

Tugann an tAcht Ealaíon cead don údarás áitiúil cuidiú a thabhairt le hairgead, nó íocaíochtaí in áit airgid, imeachtaí agus gníomhaíochtaí a fhéadfar – de réir tuairim an Údaráis Áitiúil- spéis an phobail sna healaíona a spreagadh, nó aon eolas, léirthuiscint ná cleachtadh maidir leis na healaíona a chur chun cinn nó fiú caighdeáin na n-ealaíon a chothú laistigh de na réimsí feidhmiúchán éagsúla.

San Acht seo, ciallaíonn 'na healaíona' gach léiriú cruthaitheach agus léirmhínitheach (idir thraidisiúnta agus comhaimseartha) i bhfoirm ealaíne ar bith, ach go háirithe amharcealaíona, drámaíocht, litríocht, ceol, damhsa, ceoldráma, scannánaíocht, sorcas agus ailtireacht agus clúdaítear gach meán chun na críche seo a chur i bhfeidhm.

## FAISNÉIS D'IARRTHÓIRÍ

**Caithfear na rudaí seo a bheith seolta le gach iarratas le haghaidh cuidiú airgeadais:**

(a) Foirm iarratais críochnaithe agus
   a. cuir síos beacht ar an tionscadal/ ar na himeachtaí
   b. buiséad mionsonraithe don tionscadal/ do na himeachtaí molta
   c. dearbhú gach deontas a bhfuil iarratas curtha isteach faoi choinne nó a bhfuil faighte ó fhoinsí eile

**Íocfar deontais go cúlghabhálach ach chan roimh na rudaí seo a leanas a chur ar fáil:**

(b) Ráiteas ioncaim agus caiteachais tar éis an imeachta;
(c) Tuairisc gairid ar an imeacht/tionscadal
(f) Gach ábhar clár agus ábhar ardú céime a ghabhann leis an imeacht.

## COINNÍOLLACHA ROIMH MHAOINIÚ A FHÁIL

- Ní thabharfar cuidiú do thionscadal nó imeacht ach amháin i gcás go n-ardófar spéis an phobail dá bharr ar an tionscadal/imeacht – de réir tuairim Chomhairle Contae Mhaigh Eo – nó go gcuirfear eolas, léirthuiscint agus cleachtadh na n-ealaíon chun cinn nó go n-ardófar caighdeáin na n-ealaíon sa chontae san iomlán.
- Tá an scéim oscailte roimh ghrúpaí, eagraíochtaí agus féilte sa chontae atá ag iarraidh tacaíocht le haghaidh costais na n-imeachtaí ealaíon, nó costais na dtionscadal ealaíon nó costais na ngníomhaíochtaí ealaíon ar fad. Ní féidir daoine aonair an maoiniú seo a fháil.
- Caithfear grúpaí/ eagraíochtaí atá ag iarraidh cuidiú a fháil maidir leis an scéim maoinithe seo a bheith lonnaithe i gcontae Mhaigh Eo agus caithfear gach imeacht/ tionscadal/gníomhaíocht a bheith laistigh den chontae chomh maith.
- Caithfear an maoiniú a úsáid sa bhliain chéanna a thabharfar amach é.
- Ba choir d'iarrthóirí a bheith cláraithe leis an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Mhaigh Eo (PPN). Gabh chuig www.mayoppn.ie chun eolas breise a fháil.
- Ba chóir go mbíonn deimhniú imréitigh cánach reatha agus uimhir rochtana ag na hiarrthóirí.
- Caithfear polasaithe árachais chuí agus gnásanna Sláinte agus Sábháilteacht a bheith ag gach faighteoir den deontas maoinithe faoin scéim seo.
- I gcás go mbíonn tionscadail ag obair le páistí, caithfear na polasaithe agus gnásanna cuí ó thaobh cosaint na bpáistí a bheith ann chomh maith.
- Tá raon idir €150 agus €5000 ar fáil leis na deontais. Tá seans ann go bhféadfadh muid maoiniú breise a dheonú haghaidh iarratais áirithe, ag brath ar chúinsí eisceachtúla an iarratais agus ar an mbuiséad a bheidh ar fáil.
- Ba chóir do gach ealaíontóir íocaíocht a fháil de réir bheartas na Comhairle Ealaíon maidir le pá cóir d'ealaíontóirí .
- Tabhar faoi deara: I bhfianaise iomaíocht agus chomhthéacs an deontais, an mhaoinithe theoranta atá ar fáil, agus an líon mhóir iarratasóirí, b'fhéidir nach mbeifear in ann maoiniú a mholadh le haghaidh na n-iarratasóirí

incháilithe uile. Ní leor na critéir incháilitheachta agus comlíontachta a chomhlánú amháin le cinntiú go bhfaighidh tú deontas.

## Cáilitheacht

- Íocfar an deontas do na gníomhaíochtaí áirithe atá luaite san iarratas amháin.

- Braithfear an critéar a bheas in úsáid chun na hiarratais a mheas ar an luach agus an t-ionchur féideartha a bheas ag an ghníomhaíocht/imeacht/tionscadal molta roimh na hEalaíona i gcontae Mhaigh Eo. Beidh luach ag caighdeán an imeachta chomh maith anseo.

- Imscrúdófar gach maoiniú eile faighte ó fhoinsí eile maidir leis an iarratas mar shampla, maoiniú ó na Ceantair Bhardasacha, ón gComhairle Ealaíon, Éire Ildánach, Clár Scéime na dtaispeántas Beo Áitiúla srl.

- Caithfear aitheantas a thabhairt do Chomhairle Contae Mhaigh Eo le linn gach ábhar ardú céime a bheas ag titim amach leis an tionscadal / imeacht. Tá seans ann go mbainfear an maoiniú i gcás nach gcomhlíonfar seo.

- Níl grúpaí agus eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú ó Sheirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo cheana féin incháilithe le cuidiú a fháil ón Acht Ealaíon. Mar shampla Eagraíochta Ealaíne a fhaigheann Maoiniú Comhpháirtíochta, maoiniú UPSTART, maoiniú Oíche Chultúir srl.

- Ní chuirfidh Comhairle Contae Mhaigh Eo cuidiú ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí tráchtála

- Ní chuirfidh Comhairle Contae Mhaigh Eo cuidiú ar fáil do chostais ioncaim bheo nó d’iasachtaí / easnaimh aon ghrúpa nó eagraíocht a íoc.

- Ní chuirfidh Comhairle Contae Mhaigh Eo cuidiú ar fáil d’aon oiliúint, ranganna nó ceardlanna beo nach bhfuil incháilithe chun maoiniú a fháil.

- Ní chuirfidh Comhairle Contae Mhaigh Eo cuidiú ar fáil le haghaidh costais lónadóireachta/soláistí ná deochanna meisciúla.

- Ní bheidh Comhairle Contae Mhaigh Eo in ann airgead a chur ar fáil d’imeachtaí tiomsú airgid le haghaidh carthanacht, do chostais na n-éidí oibre, d’imeachtaí comórtha, imeachtaí ceardaíochta, do thionscadail oidhreachta, d’ábhair na n-ealaíontóirí, trealamh nó aon chostas caipitil.

- I gcásanna áirithe, féadfar an cinneadh a ghlacadh go mbainfidh an grúpa/eagraíocht atá ag iarraidh cuidiú deontais a fháil, leas níos fearr ó chomhairle / cuidiú / tógáil cumais trí cheardlanna in áit cuidiú airgeadais é féin a thabhairt. I gcás go mbainfidh an t-iarrthóir leas ó scéim deontais eile ón Chomhairle Contae Mhaigh Eo, cuirfidh siad ar an eolas faoi de réir a chéile.

- Ní sheasfaidh imeachtaí cosúil le ceolchoirmeacha scoile/ campaí scoile mar thosaíochtaí ó thaobh maoiniú a thabhairt amach de.

- Tabhair faoi d'aire go ndéantar treoireacha a nuashonrú go tráthrialta. Bí cinnte go bhfuil tú ag cloí leis na treoirlínte a bhaineann leis an mbabhta maoinithe seo agus nach bhfuil tú ag tagairt do bhabhtaí san am atá caite.

- Próiseas iomaíoch atá i gceist sa Ghradam Sparánachta. Níl aon ráthaíocht ann go bhfaighidh iarratasóirí a fuair gradam roimhe seo gradam i mbliana.

- Cuireann Comhairle Contae Mhaigh Eo fáilte ar leith roimh iarratasóirí nua a dhéanann ionadaíocht ar an éagsúlacht atá ann i sochaí na hÉireann. Is mian linn iarratas a fháil ó gach cuid den phobal beag beann ar inscne, claonadh gnéis, stádas sibhialta nó pósta, creideamh, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Taistil, nó cúlra socheacnamaíochta.

- Ba chóir do gach ealaíontóir íocaíocht a fháil de réir bheartas na Comhairle Ealaíon maidir le pá cóir d'ealaíontóirí .

- Ní bheidh iarratais le haghaidh Deontais Achta Ealaíon le hathnuachan gan machnamh a dhéanamh orthu.

## PRÓISEAS MEASÚNAITHE

Déanfaidh painéal neamhspleách saineolaithe measúnú ar iarratais agus cuirfear iarratasóirí ar an eolas faoin toradh ina dhiaidh sin.

| | |
|---|---|
| Caighdeán agus ábhar an iarratais | 15 |
| Cuntas teiste an ealaíontóra léirithe tríd an iarratas | 15 |
| Buntáistí féideartha do chleachtas ealaíne | 15 |
| **IOMLÁN** | **45** |

| Córas scórála | | |
|---|---|---|
| Sármhaith | Freagraíodh na critéir uile agus cuireadh an fhaisnéis agus an fianaise ar fad is gá ar fáil. Níl aon ábhar imní ann faoin obair bheartaithe. | 5 |
| Fíor-mhaith | Freagraíodh na critéir uile agus cuireadh an fhaisnéis agus an fianaise ar fad is gá ar fáil. Tá roinnt mionábhar imní ann faoin obair bheartaithe. | 4 |
| Go maith | Tugadh freagra maith san iarratas ar na critéir agus cuireadh eolas soiléir ar fáil agus an chuid is mó den fhianaise atá de dhíth. D'fhéadfaí roinnt feabhsuithe a dhéanamh. | 3 |
| Measartha | Tugadh freagra ginearálta ar na critéir agus cuireadh roinnt eolas ábhar ar fáil, cé go raibh roinnt sonraí in easnamh san iarratas. Níl roinnt laigí ag baint leis an iarratas. | 2 |
| Lag | Ní dheacthas i ngleic i gceart san iarratas leis na critéir agus níor cuireadh dóthain eolas ábhartha ar fáil. Níl laigí go leor ag baint leis. | 1 |
| An-lag | Ní dheacthas i ngleic san iarratas leis na critéir nó níorbh fhéidir measúnú a dhéanamh toisc eolas a bheith in easnamh nó neamhiomlán. | 0 |

## IRRATAIS & FAISÉIS

Cuirfear aighneachtaí faoi bhráid an phainéil roghnúcháin i bhformáid dhigiteach.

Tabhair ar aird le do thoil nach nglacfar le hiarratais nó le hiarratais neamhiomlána a fhaightear tar éis an dáta deiridh.

Glacfar le haighneachtaí poist mura féidir iarratas ar líne a dhéanamh.

Ní ghlacfar le hiarratais a chuirtear isteach tar éis an ama seo tar éis an dáta deiridh.

Le haghaidh ceisteanna déan teagmháil le Oifigeach Ealaíon Cúnta, Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo. R: mayoarts@mayococo.ie  Teil: 094 90 64666.

**SPRIOCDHÁTA: 5i.n., 14ú Feabhra, 2025**

Admhóidh Comhairle Contae Mhaigh Eo go bhfuarthas d'iarratas

G: 094 9064666
R: mayoart@mayococo.ie
SG: www.mayo.ie/arts

**Deimhneoidh Comhairle Contae Mhaigh Eo go bhfuarthas d'iarratas.**